2025/2289

21.11.2025

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/2289 ÓN gCOIMISIÚN

an 13 Samhain 2025

lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2023/1542 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis an bhformáid chun sonraí a thuairisciú chomh maith leis na modhanna measúnaithe agus na dálaí oibríochtúla i ndáil le bailiú agus cóireáil ceallraí dramhaíola

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2023/1542 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Iúil 2023 maidir le ceallraí agus ceallraí dramhaíola, lena leasaítear Treoir 2008/98/CE agus Rialachán (AE) 2019/1020 agus lena n-aisghairtear Treoir 2006/66/CE ([1]) agus go háirithe Airteagal 76(5) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le hAirteagal 76(1) de Rialachán (AE) 2023/1542 ceanglaítear ar na Ballstáit na sonraí arna mbailiú de bhun na míre sin a chur ar fáil go poiblí, maidir le gach bliain féilire, i gcomhréir le formáid atá le leagan síos ag an gCoimisiún agus na sonraí sin a thuairisciú don Choimisiún. Ba cheart a áirithiú leis an bhformáid go soláthraítear leis na sonraí tuairiscithe bonn fónta chun fíorú agus faireachán a dhéanamh ar bhaint amach na spriocanna íosta maidir le bailiú, chomh maith le baint amach na spriocanna maidir le héifeachtúlacht athchúrsála agus aisghabháil ábhar.

(2) Ceanglaítear le hAirteagal 76(3) de Rialachán (AE) 2023/1542 go mbeidh tuarascáil maidir le seiceáil ar cháilíocht ag gabháil leis na sonraí a chuireann na Ballstáit ar fáil i gcomhréir le mír 1 den Airteagal sin.

(3) Ní mór inchomparáideacht na dtuarascálacha sonraí agus nadtuarascálacha maidir le seiceáil ar cháilíocht a áirithiú chun é a chur ar a chumas don Choimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar na sonraí a thuairiscítear i gcomhréir le hAirteagal 76(4) de Rialachán (AE) 2023/1542, lena n-áirítear eagrú an bhailithe sonraí, na foinsí sonraí, an mhodheolaíocht a úsáidtear sna Ballstáit, chomh maith le hiomláine, iontaofacht, tráthúlacht agus comhsheasmhacht na sonraí sin.

(4) Leis na sonraí arna soláthar ag na Ballstáit, ba cheart é a chur ar a chumas don Choimisiún a mheas an iomchuí athbhreithniú a dhéanamh ar na spriocanna maidir le héifeachtúlacht athchúrsála agus le haisghabháil ábhar, debharr forbairtí sa mhargadh, go háirithe maidir le teicneolaíochtaí ceallraí ag a bhfuil tionchar ar chineál na n-ábhar arna n-aisghabháil agus ar infhaighteacht reatha agus réamh-mheasta cóbailt, copair, luaidhe, litiam nó nicile, agus i bhfianaise an dul chun cinn theicniúil agus eolaíoch. Thairis sin, ba cheart go gcuirfeadh na sonraí sin ar a chumas don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar fhorbairtí sa mhargadh, ar forbairtí iad ag a bhfuil tionchar ar chineál na n-ábhar is féidir a aisghabháil agus ar an dul chun cinn teicniúil agus eolaíoch, lena n-áirítear teicneolaíochtaí nua atá ag teacht chun cinn maidir leis an mbainistiú dramhaíola. Dá bhrí sin, chun measúnú a dhéanamh an iomchuí athbhreithniú a dhéanamh ar Chuid C d'Iarscríbhinn XII a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/1542 agus ar Chuid B d'Iarscríbhinn XII a ghabhann leis an Rialachán sin, is gá faisnéis bhreise a bheith ann maidir le hábhair le haghaidh aisghabháil ábhar agus maidir le ceimic ceallraí le haghaidh na héifeachtúlachta athchúrsála.

(5) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste arna bhunú le hAirteagal 39 de Threoir 2008/98/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]),

([1]) IO L 191, 28.7.2023, lgh. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/1542/oj.
([2]) Treoir 2008/98/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Samhain 2008 maidir le dramhaíl agus lena n-aisghairtear Treoracha áirithe (IO L 312, 22.11.2008, lch. 3, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2008/98/oj).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Chun críocha na gceanglas tuairiscithe a leagtar amach in Airteagal 76(1), pointí (a), (b) agus (c), de Rialachán (AE) 2023/1542, úsáidfidh na Ballstáit an fhormáid tuairiscithe a leagtar amach i dTáblaí 1 go 5 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo.

2. Tuairisceofar na sonraí ar leithligh le haghaidh gach ceann de na catagóirí ceallraí a leagtar amach in Airteagal 1(3) de Rialachán (AE) 2023/1542 agus déanfar iad a dhifreáil de réir ceimic ceallraí.

3. Chun críocha na gceanglas tuairiscithe a leagtar amach in Airteagal 76(1), pointe (d), de Rialachán (AE) 2023/1542, úsáidfidh na Ballstáit an fhormáid a leagtar amach i dTáblaí 6 agus 7 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo.

4. Tuairisceofar na sonraí maidir le héifeachtúlacht athchúrsála i gcomhréir leis an gceimic ceallraí dá dtagraítear sna spriocanna éifeachtúlachta athchúrsála a leagtar amach in Iarscríbhinn XII, Cuid B, a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/1542. Tuairisceofar na sonraí maidir le haisghabháil ábhar i gcomhréir leis na hábhair dá dtagraítear sna spriocanna aisghabhála ábhar a leagtar amach in Iarscríbhinn XII, Cuid C, a ghabhann leis an Rialachán sin.

5. Tuairisceoidh na Ballstáit sonraí maidir leis na codáin ionchuir agus aschuir le haghaidh éifeachtúlacht athchúrsála agus aisghabháil ábhar agus úsáid á baint as an bhformáid a leagtar amach i dTáblaí 1 go 4 d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo.

6. Cuirfidh na Ballstáit tuarascáil maidir le seiceáil ar cháilíocht isteach, dá dtagraítear in Airteagal 76(3) de Rialachán (AE) 2023/1542, agus úsáid á baint as an bhformáid a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán seo.

7. Tuairisceoidh na Ballstáit na sonraí dá dtagraítear i mír 1 go mír 4 agus i mír 6 i bhfoirm leictreonach, trí bhíthin caighdeán idirmhalartaithe arna bhunú ag an gCoimisiún. Tuairisceoidh na Ballstáit na sonraí dá dtagraítear i mír 5 i bhfoirm leictreonach don Choimisiún.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 13 Samhain 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN I

Tábla 1

Ceallraí inaistrithe

	1	2	3	4
Ceimic ceallraí	Ceallraí inaistrithe a cuireadh ar fáil ar an margadh den chéad uair sa Bhallstát	Líon iomlán na gceallraí inaistrithe dramhaíola a bailíodh	Ceallraí inaistrithe dramhaíola a onnmhairíodh chuig tríú tíortha lena n-athchúrsáil, lena n-ullmhú le haghaidh athchúrsáil, lena n-ullmhú le haghaidh athúsáid, nó lena n-ullmhú le haghaidh athrú cuspóra (3)	Ráta bailithe ceallraí inaistrithe dramhaíola i gcomhréir le hIarscríbhinn XI a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/1542
	(tonaí)	(tonaí)	(tonaí)	(%) (4)
1. Ceallraí litiam				
2. Ceallraí luaidhe-aigéadach				
3. Ceallraí nicile-caidmiam				
4. Eile (sonraigh le do thoil) (1)				
5. Iomlán				
6. Ceallraí inaistrithe neamh-in-athluchtaithe a áirítear san iomlán (deonach) (2)				

Ní bhaineann le hábhar

(1) Ciallaíonn 'Eile' aon cheimic ceallraí eile nach bhfuil liostaithe cheana féin, lena n-áirítear iontráil le haghaidh ceallraí dramhaíola measctha más infheidhme.
(2) Féadfaidh na Ballstáit an fhaisnéis seo a sholáthar ar bhonn deonach.
(3) Féadfar a chuimsiú sa líon ceallraí dramhaíola a onnmhairíodh i mbliain tuairiscithe ceallraí dramhaíola a stóráladh go sealadach agus a bailíodh sa Bhallstát i mblianta tuairiscithe roimhe sin.
(4) Tá an ráta bailithe le sonrú le hionad deachúlach amháin.

Tábla 2

Ceallraí modhanna éadroma iompair

	1	2	3	4
Ceimic ceallraí	Ceallraí modhanna éadroma iompair a cuireadh ar fáil ar an margadh den chéad uair sa Bhallstát	An líon iomlán ceallraí modhanna éadroma iompair dramhaíola a bailíodh	Ceallraí modhanna éadroma iompair dramhaíola a onnmhairíodh chuig tríú tíortha lena n-athchúrsáil, lena n-ullmhú le haghaidh athchúrsáil, lena n-ullmhú le haghaidh athúsáid, nó lena n-ullmhú le haghaidh athrú cuspóra (2)	Ráta bailithe ceallraí modhanna éadroma iompair dramhaíola sa bhliain tuairiscithe i gcomhréir le hIarscríbhinn XI a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/1542
	(tonaí)	(tonaí)	(tonaí)	(%) (3)
1. Ceallraí litiam				
2. Ceallraí luaidhe-aigéadach				

Ceimic ceallraí	1 Ceallraí modhanna éadroma iompair a cuireadh ar fáil ar an margadh den chéad uair sa Bhallstát	2 An líon iomlán ceallraí modhanna éadroma iompair dramhaíola a bailíodh	3 Ceallraí modhanna éadroma iompair dramhaíola a onnmhairíodh chuig tríú tíortha lena n-athchúrsáil, lena n-ullmhú le haghaidh athchúrsáil, lena n-ullmhú le haghaidh athúsáid, nó lena n-ullmhú le haghaidh athrú cuspóra ([2])	4 Ráta bailithe ceallraí modhanna éadroma iompair dramhaíola sa bhliain tuairiscithe i gcomhréir le hIarscríbhinn XI a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/1542
	(tonaí)	(tonaí)	(tonaí)	(%) ([3])
3. Ceallraí nicilbhunaithe				
4. Eile (sonraigh le do thoil) ([1])				
5. Iomlán				

([1]) Ciallaíonn 'Eile' aon cheimic ceallraí eile nach bhfuil liostaithe cheana féin, lena n-áirítear iontráil le haghaidh ceallraí dramhaíola measctha más infheidhme.
([2]) Féadfar a chuimsiú sa líon ceallraí dramhaíola a onnmhairíodh i mbliain tuairiscithe ceallraí dramhaíola a stóráladh go sealadach agus a bailíodh sa Bhallstát i mblianta tuairiscithe roimhe sin.
([3]) Tá an ráta bailithe le sonrú le hionad deachúlach amháin.

Tábla 3

Ceallraí dúisithe, soilsithe agus adhainte

Ceimic ceallraí	1 Ceallraí dúisithe, soilsithe agus adhainte a cuireadh ar fáil ar an margadh den chéad uair sa Bhallstát	2 An líon iomlán ceallraí dúisithe, soilsithe agus adhainte dramhaíola a bailíodh	3 Ceallraí dúisithe, soilsithe agus adhainte dramhaíola a onnmhairíodh chuig tríú tíortha lena n-athchúrsáil, lena n-ullmhú le haghaidh athchúrsáil, lena n-ullmhú le haghaidh athúsáid, nó lena n-ullmhú le haghaidh athrú cuspóra ([2])
	(tonaí)	(tonaí)	(tonaí)
1. Ceallraí luaidhe-aigéadach			
2. Ceallraí litiam			
3. Eile (sonraigh le do thoil) ([1])			
4. Iomlán			

([1]) Ciallaíonn 'Eile' aon cheimic ceallraí eile nach bhfuil liostaithe cheana féin, lena n-áirítear iontráil le haghaidh ceallraí dramhaíola measctha más infheidhme.
([2]) Féadfar a chuimsiú sa líon ceallraí dramhaíola a onnmhairíodh i mbliain tuairiscithe ceallraí dramhaíola a stóráladh go sealadach agus a bailíodh sa Bhallstát i mblianta tuairiscithe roimhe sin.

Tábla 4

Ceallraí tionsclaíocha

	1	2	3	4	5
Ceimic ceallraí	Ceallraí tionsclaíocha a cuireadh ar fáil ar an margadh den chéad uair sa Bhallstát	An líon iomlán ceallraí tionsclaíocha dramhaíola a bailíodh	Ceallraí tionsclaíocha dramhaíola a seachadadh chuig saoráidí ceadaithe lena n-ullmhú le haghaidh athúsáid ([2])	Ceallraí tionsclaíocha dramhaíola a seachadadh chuig saoráidí ceadaithe lena n-ullmhú le haghaidh athrú cuspóra ([2])	Ceallraí tionsclaíocha dramhaíola a onnmhairíodh chuig tríú tíortha lena n-athchúrsáil, lena n-ullmhú le haghaidh athchúrsáil, lena n-ullmhú le haghaidh athúsáid, nó lena n-ullmhú le haghaidh athrú cuspóra ([3])
	(tonaí)	(tonaí)	(tonaí)	(tonaí)	(tonaí)
1. Ceallraí litiam					
2. Ceallraí luaidhe-aigéadach					
3. Ceallraí nicile-caidmiam					
4. Eile (sonraigh le do thoil) ([1])					
5. Iomlán					

([1]) Ciallaíonn 'Eile' aon cheimic ceallraí eile nach bhfuil liostaithe cheana féin, lena n-áirítear iontráil le haghaidh ceallraí dramhaíola measctha más infheidhme.
([2]) Féadfar a chuimsiú sa líon ceallraí dramhaíola a seachadadh chuig saoráidí ceadaithe i mbliain tuairiscithe ceallraí dramhaíola a stóráladh go sealadach agus a bailíodh sa Bhallstát i mblianta tuairiscithe roimhe sin.
([3]) Féadfar a chuimsiú sa líon ceallraí dramhaíola a onnmhairíodh i mbliain tuairiscithe ceallraí dramhaíola a stóráladh go sealadach agus a bailíodh sa Bhallstát i mblianta tuairiscithe roimhe sin.

Tábla 5

Ceallraí feithiclí leictreacha

	1	2	3	4	5
Ceimic ceallraí	Ceallraí feithiclí leictreacha a cuireadh ar fáil ar an margadh den chéad uair sa Bhallstát	An líon iomlán ceallraí feithiclí leictreacha dramhaíola a bailíodh	Ceallraí feithiclí leictreacha dramhaíola a seachadadh chuig saoráidí ceadaithe lena n-ullmhú le haghaidh athúsáid ([2])	Ceallraí feithiclí leictreacha dramhaíola a seachadadh chuig saoráidí ceadaithe lena n-ullmhú le haghaidh athrú cuspóra ([2])	Ceallraí feithiclí leictreacha dramhaíola a onnmhairíodh chuig tríú tíortha lena n-athchúrsáil, lena n-ullmhú le haghaidh athchúrsáil, lena n-ullmhú le haghaidh athúsáid, nó lena n-ullmhú le haghaidh athrú cuspóra ([3])
	(tonaí)	(tonaí)	(tonaí)	(tonaí)	(tonaí)
1. Ceallraí litiam					
2. Ceallraí nicilbhunaithe					

	1	2	3	4	5
Ceimic ceallraí	Ceallraí feithiclí leictreacha a cuireadh ar fáil ar an margadh den chéad uair sa Bhallstát	An líon iomlán ceallraí feithiclí leictreacha dramhaíola a bailíodh	Ceallraí feithiclí leictreacha dramhaíola a seachadadh chuig saoráidí ceadaithe lena n-ullmhú le haghaidh athúsáid ([2])	Ceallraí feithiclí leictreacha dramhaíola a seachadadh chuig saoráidí ceadaithe lena n-ullmhú le haghaidh athrú cuspóra ([2])	Ceallraí feithiclí leictreacha dramhaíola a onnmhairíodh chuig tríú tíortha lena n-athchúrsáil, lena n-ullmhú le haghaidh athchúrsáil, lena n-ullmhú le haghaidh athúsáid, nó lena n-ullmhú le haghaidh athrú cuspóra ([3])
	(tonaí)	(tonaí)	(tonaí)	(tonaí)	(tonaí)
3. Eile (sonraigh le do thoil) ([1])					
4. Iomlán					

([1]) Ciallaíonn 'Eile' aon cheimic ceallraí eile nach bhfuil liostaithe cheana féin, lena n-áirítear iontráil le haghaidh ceallraí dramhaíola measctha más infheidhme.
([2]) Féadfar a chuimsiú sa líon ceallraí dramhaíola a seachadadh chuig saoráidí ceadaithe i mbliain tuairiscithe ceallraí dramhaíola a stóráladh go sealadach agus a bailíodh sa Bhallstát i mblianta tuairiscithe roimhe sin.
([3]) Féadfar a chuimsiú sa líon ceallraí dramhaíola a onnmhairíodh i mbliain tuairiscithe ceallraí dramhaíola a stóráladh go sealadach agus a bailíodh sa Bhallstát i mblianta tuairiscithe roimhe sin.

Tábla 6

Ráta éifeachtúlachta athchúrsála in aghaidh na ceimice ceallraí

Ceimic ceallraí	Ionchur iomlán (tonaí)	Aschur iomlán (tonaí)	Ráta éifeachtúlachta athchúrsála (%)
Ceallraí luaidhe-aigéadacha			
Ceallraí litiam			
Ceallraí nicile-caidmiam			
Ceallraí dramhaíola eile			

Tábla 7

Ráta aisghabhála ábhar in aghaidh an ábhair

Ábhar	Ionchur iomlán (tonaí)	Aschur iomlán (tonaí)	Ráta aisghabhála ábhar (%)
Cóbalt (Co)			
Copar (Cu)			
Luaidhe (Pb)			
Litiam (Li)			
Nicil (Ni)			

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/2289/oj

IARSCRÍBHINN II

Tábla 1

Éifeachtúlacht athchúrsála agus aisghabháil ábhar ceallraí luaidhe-aigéadacha

				1		
				Meáchan iomlán sa bhliain tuairiscithe (tonaí)		
	1	Ceallraí luaidhe-aigéadacha dramhaíola a seachadadh lena n-athchúrsáil				
Ionchur: Codáin a áirítear mar ionchur sa phróiseas athchúrsála	2	Luaidhe (Pb)				
	3	Aigéad sulfarach tirim(H_2SO_4)				
	4	Plaistigh				
	5	Cruach				
	6	Eile (sonraigh le do thoil) [1]				
	7	**Iomlán**				
				2	3	4
Aschur: Codáin a áirítear mar aschur an phróisis athchúrsála agus a chuirtear san áireamh sa ráta éifeachtúlachta athchúrsála agus sa ráta aisghabhála ábhar		**Codán**		**Aschur a gineadh sna Ballstáit (tonaí)**	**Aschur a gineadh i dtríú tíortha ina bhfuil dálaí coibhéiseacha deimhnithe (tonaí)** [2]	**Aschur iomlán (tonaí)**
	8	Luaidhe (Pb)				
	9	Aigéad sulfarach tirim(H_2SO_4)				
	10	Plaistigh				
	11	Cruach				
	12	Eile (sonraigh le do thoil) [1]				
	13	**Iomlán**				

[1] Cuir cealla eile leis más gá chun eilimintí nó comhdhúile eile a shonrú.

[2] I gcomhréir le hAirteagal 72(3) de Rialachán (AE) 2023/1542.

Ró 7: Suim na luachanna ó rónna 2 go 6.

Ró 13: Suim na luachanna ó rónna 8 go 12.

Tábla 2

Éifeachtúlacht athchúrsála agus aisghabháil ábhar ceallraí litiam

				1	
				Meáchan iomlán sa bhliain tuairiscithe (tonaí)	
	1	Ceallraí litiam dramhaíola a seachadadh lena n-athchúrsáil			
Ionchur: Codáin a áirítear mar ionchur sa phróiseas athchúrsála	2	Cóbalt (Co)			
	3	Copar (Cu)			
	4	Litiam (Li)			
	5	Nicil (Ni)			
	6	Mangainéis (Mn)			
	7	Alúmanam (Al)			
	8	Cruach			
	9	Plaistigh			
	10	Ocsaigin (O_2)			
	11	Carbón ó fhoinsí carbóin ar leibhéal na cille (C)			
	12	Iarann ó fhoinsí iarainn ar leibhéal na cille (Fe)			
	13	Fosfar (P)			
	14	Clóirín (Cl)			
	15	Sulfar (S)			
	16	Eile (sonraigh le do thoil) ([1])			
	17	**Iomlán**			

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/2289/oj

				2	3	4
		Codán		**Aschur a gineadh sna Ballstáit (tonaí)**	**Aschur a gineadh i dtríú tíortha ina bhfuil dálaí coibhéiseacha deimhnithe (tonaí)** [2]	**Aschur iomlán (tonaí)**
Aschur: Codáin a áirítear mar aschur an phróisis athchúrsála agus a chuirtear san áireamh sa ráta éifeachtúlachta athchúrsála agus sa ráta aisghabhála ábhar	18	Cóbalt (Co)				
	19	Copar (Cu)				
	20	Litiam (Li)				
	21	Nicil (Ni)				
	22	Mangainéis (Mn)				
	23	Alúmanam (Al)				
	24	Cruach				
	25	Plaistigh				
	26	Ocsaigin (O_2)				
	27	Carbón ó fhoinsí carbóin ar leibhéal na cille (C)				
	28	Iarann ó fhoinsí iarainn ar leibhéal na cille (Fe)				
	29	Fosfar (P)				
	30	Clóirín (Cl)				
	31	Sulfar (S)				
	32	Eile (sonraigh le do thoil) [1]				
	33	**Iomlán**				

[1] Cuir cealla eile leis más gá chun eilimintí nó comhdhúile eile a shonrú.
[2] I gcomhréir le hAirteagal 72(3) de Rialachán (AE) 2023/1542.
Ró 17: Suim na luachanna ó rónna 2 go 16.
Ró 33: Suim na luachanna ó rónna 18 go 32.

Tábla 3

Éifeachtúlacht athchúrsála agus aisghabháil ábhar ceallraí nicile-caidmiam

				1	
				Meáchan iomlán sa bhliain tuairiscithe (tonaí)	
	1	Ceallraí nicile-caidmiam dramhaíola a seachadadh lena n-athchúrsáil			
Ionchur: Codáin a áirítear mar ionchur sa phróiseas athchúrsála	2	Cóbalt (Co)			
	3	Copar (Cu)			
	4	Luaidhe (Pb)			
	5	Litiam (Li)			
	6	Nicil (Ni)			
	7	Mangainéis (Mn)			
	8	Alúmanam (Al)			
	9	Cruach			
	10	Leictrilít (KOH)			
	11	Leictrilít (NaOH)			
	12	Plaistigh			
	13	Caidmiam (Cd)			
	13	Eile (sonraigh le do thoil) [1]			
	13				
	13				
	14	**Iomlán**			

				2	3	4
		Codán		**Aschur a gineadh sna Ballstáit (tonaí)**	**Aschur a gineadh i dtríú tíortha ina bhfuil dálaí coibhéiseacha deimhnithe (tonaí)** [2]	**Aschur iomlán (tonaí)**
Aschur: Codáin a áirítear mar aschur an phróisis athchúrsála agus a chuirtear san áireamh sa ráta éifeachtúlachta athchúrsála agus sa ráta aisghabhála ábhar	15	Cóbalt (Co)				
	16	Copar (Cu)				
	17	Luaidhe (Pb)				
	18	Litiam (Li)				
	19	Nicil (Ni)				
	20	Mangainéis (Mn)				
	21	Alúmanam (Al)				
	22	Cruach				
	23	Leictrilít (KOH)				
	24	Leictrilít (NaOH)				
	25	Plaistigh				
	26	Caidmiam (Cd)				
	27	Eile (sonraigh le do thoil) [1]				
	28	**Iomlán**				

[1] Cuir cealla eile leis más gá chun eilimintí nó comhdhúile eile a shonrú.
[2] I gcomhréir le hAirteagal 72(3) de Rialachán (AE) 2023/1542
Ró 14: Suim na luachanna ó rónna 2 go 13
Ró 28: Suim na luachanna ó rónna 15 go 27

Tábla 4

Éifeachtúlacht athchúrsála agus aisghabháil ábhar ceallraí dramhaíola eile

				1	
				Meáchan iomlán sa bhliain tuairiscithe (tonaí)	
	1	Ceallraí dramhaíola eile a seachadadh lena n-athchúrsáil			
Ionchur: Codáin a áirítear mar ionchur sa phróiseas athchúrsála	2	Cóbalt (Co)			
	3	Copar (Cu)			
	4	Luaidhe (Pb)			
	5	Litiam (Li)			
	6	Nicil (Ni)			
	7	Mangainéis (Mn)			
	8	Alúmanam (Al)			
	9	Cruach			
	10	Leictrilít (KOH)			
	11	Leictrilít (NaOH)			
	12	Plaistigh			
	13	Ocsaigin (O_2)			
	14	Carbón ó fhoinsí carbóin ar leibhéal na cille (C)			
	15	Iarann ó fhoinsí iarainn ar leibhéal na cille (Fe)			
	16	Fosfar (P)			
	17	Clóirín (Cl)			
	18	Sulfar (S)			
	19	Eile (sonraigh le do thoil) [1]			
	20	**Iomlán**			

				2	3	4
		Codán		**Aschur a gineadh sna Ballstáit (tonaí)**	**Aschur a gineadh i dtríú tíortha ina bhfuil dálaí coibhéiseacha deimhnithe (tonaí)** [2]	**Aschur iomlán (tonaí)**
Aschur: Codáin a áirítear mar aschur an phróisis athchúrsála agus a chuirtear san áireamh sa ráta éifeachtúlachta athchúrsála agus sa ráta aisghabhála ábhar	21	Cóbalt (Co)				
	22	Copar (Cu)				
	23	Luaidhe (Pb)				
	24	Litiam (Li)				
	25	Nicil (Ni)				
	26	Mangainéis (Mn)				
	27	Alúmanam (Al)				
	28	Cruach				
	29	Leictrilít (KOH)				
	30	Leictrilít (NaOH)				
	31	Plaistigh				
	32	Ocsaigin (O_2)				
	33	Carbón ó fhoinsí carbóin ar leibhéal na cille (C)				
	34	Iarann ó fhoinsí iarainn ar leibhéal na cille (Fe)				
	35	Fosfar (P)				
	36	Clóirín (Cl)				
	37	Sulfar (S)				
	38	Eile (sonraigh le do thoil) [1]				
	39	**Iomlán**				

([1]) Cuir cealla eile leis más gá chun eilimintí nó comhdhúile eile a shonrú.
([2]) I gcomhréir le hAirteagal 72(3) de Rialachán (AE) 2023/1542.
Ró 20: Suim na luachanna ó rónna 2 go 19.
Ró 39: Suim na luachanna ó rónna 21 go 38.

IARSCRÍBHINN III

AN FHORMÁID INA mBEIDH AN TUARASCÁIL MAIDIR LE SEICEÁIL AR CHÁILÍOCHT A GHABHANN LEIS NA SONRAÍ DÁ dTAGRAÍTEAR IN IARSCRÍBHINN I

CUID 1

Faisnéis Ghinearálta

An Ballstát

Teideal

Tuarascáil maidir le seiceáil ar cháilíocht le haghaidh na sonraí a cuireadh isteach chun críocha Airteagal 76 de Rialachán (AE) 2023/1542

An eagraíocht a chuireann isteach na sonraí agus an tuarascáil maidir le seiceáil ar cháilíocht

Teagmhálaí / sonraí teagmhála

Bliain tuairiscithe

Dáta seachadta/leagan na tuarascála maidir le seiceáil ar cháilíocht

Éileamh ar rúndacht

Beidh an tuarascáil seo maidir le seiceáil ar cháilíocht ar fáil

— don phobal (ar leathanach gréasáin an Choimisiúin):

☐ Beidh / ☐ Beidh, cé is moite de roinn shonrach nó de ranna sonracha ar chúiseanna sonracha; tabhair faisnéis shoiléir maidir leis an roinn/na ranna ba cheart a bheith rúnda agus an réasúnú/na réasúnuithe le haghaidh rúndachta:_____

— do chomhaltaí an Choiste um Oiriúnú Teicniúil agus an Ghrúpa Saineolaithe maidir le dramhaíl:

☐ Beidh / ☐ Beidh, cé is moite de roinn nó de ranna ar chúiseanna sonracha; tabhair faisnéis shoiléir maidir leis an roinn/na ranna ba cheart a bheith rúnda agus an réasúnú/na réasúnuithe le haghaidh rúndachta:_____

☐ Ní bheidh, ar leathanach gréasáin an Choimisiúin, ná do chomhaltaí an Choiste um Oiriúnú Teicniúil.

Mura mbeidh, tabhair faisnéis shoiléir maidir leis na cúiseanna le rúndacht na tuarascála iomláine: _____

CUID 2

Foinsí sonraí, próiseas chun sonraí a bhailíochtú agus cumhdach

A. CAINNÍOCHT CEALLRAÍ A CUIREADH AR FÁIL AR AN MARGADH DEN CHÉAD UAIR SA BHALLSTÁT AGUS CEALLRAÍ DRAMHAÍOLA A BAILÍODH AGUS A CÓIREÁLADH

A.1. **Ceallraí a d'fhág an chríoch sular díoladh iad le húsáideoirí deiridh a eisiamh ón líon ceallraí a cuireadh ar fáil ar an margadh den chéad uair sa Bhallstát**

Tabhair tuairisc ar an gcaoi a rianaítear go n-eisiatar ceallraí a d'imigh as críoch an Bhallstáit sa bhliain tuairiscithe sular díoladh iad le húsáideoirí deiridh i gcomhréir le hAirteagal 76(1), pointe (a), de Rialachán (AE) 2023/1542. Sonraigh cé na ceallraí a bhfuil an t-eisiamh ceallraí doiléir ina leith, más doiléir i leith aon cheallra é, agus na cúiseanna atá le heaspa eisiaimh a d'fhéadfadh a bheith ann.

A.2. **Ceallraí dramhaíola a bailíodh**

Tabhair tuairisc ar an gcaoi a ndéantar idirdhealú idir sonraí maidir le ceimic na gceallraí dramhaíola a bailíodh agus ar an gcaoi a n-áirithítear nach measctar le chéile iad, e.g. ceallraí dúisithe, soilsithe agus adhainte luaidhe-aigéadacha, ceallraí tionsclaíocha nicile-caidmiam agus ceallraí litiam feithiclí leictreacha.

A.3. **Ceallraí dramhaíola a bailíodh agus a onnmhairíodh chuig tríú tíortha lena n-athchúrsáil, lena n-ullmhú le haghaidh athchúrsáil, lena n-ullmhú le haghaidh athúsáid, nó lena n-ullmhú le haghaidh athrú cuspóra**

Tabhair tuairisc ar cé acu a rianaítear nó nach rianaítear an líon ceallraí dramhaíola a bhailítear, a stóráiltear go sealadach sula n-onnmhairítear iad chuig tríú tíortha lena n-athchúrsáil, lena n-ullmhú le haghaidh athchúrsáil, lena n-ullmhú le haghaidh athúsáid nó lena n-ullmhú le haghaidh athrú cuspóra agus tabhair tuairisc ar conas a dhéantar tuairisciú cruinn thar bhlianta tuairiscithe éagsúla a áirithiú.

B. CÓIREÁIL, RÁTAÍ ÉIFEACHTÚLACHTA ATHCHÚRSÁLA AGUS RÁTAÍ AISGHABHÁLA ÁBHAR

B.1. **Córais chóireála agus dálaí oibríochtúla**

Tabhair tuairisc ghinearálta ar na córais cóireála ceallraí dramhaíola atá ar fáil (go náisiúnta agus/nó lasmuigh den Bhallstát) do cheallraí an Bhallstáit agus tabhair faisnéis faoi na bearta a dhéantar chun a áirithiú go gcloítear leis na dálaí oibríochtúla cóireála, dá dtagraítear in Airteagal 70 agus in Iarscríbhinn XII, Cuid A, de Rialachán (AE) 2023/1542.

B.2. **Codáin aschuir a ghintear lasmuigh den Bhallstát**

Má dhéantar cainníochtaí ceallraí dramhaíola a chóireáil i mBallstáit eile agus/nó i dtríú tíortha, sonraigh conas a áirithítear agus a rianaítear go ndéantar na codáin aschuir a gineadh a dhearbhú agus a mheas i gceart chun rátaí aisghabhála ábhar agus rátaí éifeachtúlachta athchúrsála a ríomh.

B.3. **Sonraí éifeachtúlachta athchúrsála a chomhiomlánú**

Tabhair tuairisc ar an gcaoi a ndéantar na sonraí maidir le codáin ionchuir agus aschuir athchúrsála a chomhiomlánú chun na rátaí éifeachtúlachta athchúrsála a ríomh ar an leibhéal náisiúnta.

B.4. **Sonraí aisghabhála ábhar a chomhiomlánú**

Tabhair tuairisc ar an gcaoi a ndéantar na sonraí maidir le codáin ionchuir agus aschuir ábhair a chomhiomlánú chun rátaí aisghabhála ábhar a ríomh ar an leibhéal náisiúnta.

C. FOINSÍ SONRAÍ

I gcás na dtacar sonraí sonraithe seo a leanas, tabhair tuairisc ar na foinsí sonraí (e.g. sonraí riaracháin, staidreamh náisiúnta, sonraí ó oibreoirí dramhaíola agus/nó táirgeoirí/eagraíochtaí um fhreagracht táirgeoirí, oibleagáidí tuairiscithe gnó, measúnuithe tionchair sonracha, etc.) lenar soláthraíodh na sonraí in aghaidh an tacair sonraí

C.1. **Sonraí maidir le ceallraí a cuireadh ar fáil ar an margadh den chéad uair sa Bhallstát (le haghaidh gach catagóire)**

C.2. **Sonraí maidir le ceallraí dramhaíola a bailíodh (le haghaidh gach catagóire)**

C.3. **Sonraí maidir le ceallraí dramhaíola a onnmhairíodh chuig tríú tíortha lena n-athchúrsáil, lena n-ullmhú le haghaidh athchúrsáil, lena n-ullmhú le haghaidh athúsáid, nó lena n-ullmhú le haghaidh athrú cuspóra (le haghaidh gach catagóire)**

C.4. **Sonraí maidir le ceallraí tionsclaíocha dramhaíola agus ceallraí feithiclí leictreacha dramhaíola a seachadadh lena n-ullmhú le haghaidh athúsáid nó lena n-ullmhú le haghaidh athrú cuspóra**

C.5. **Sonraí maidir le héifeachtúlachtaí athchúrsála ceallraí dramhaíola (le haghaidh gach ceimice)**

C.6. **Sonraí maidir le haisghabháil ábhar i gceallraí dramhaíola (le haghaidh na n-ábhar uile)**

D. CÁILÍOCHT AGUS BAILÍOCHTÚ SONRAÍ

D.1. **Cáilíocht na bhfoinsí sonraí agus na meastachán**

Tabhair tuairisc ar cháilíocht (i.e. cruinneas agus iontaofacht) na sonraí le haghaidh na gcatagóirí ceallraí, na ceimice agus na gcineálacha sonraí éagsúla (lena n-áirítear an chaoi a ndéantar cáilíocht sonraí a ráthú, dúshláin maidir le cáilíocht sonraí agus an chaoi a bhfuil sé beartaithe ag an mBallstát cáilíocht sonraí a fheabhsú amach anseo).

D.2. **Próiseas bailíochtaithe le haghaidh cruinneas sonraí**

Tabhair tuairisc ar an gcaoi a n-áirithíonn na húdaráis inniúla cruinneas agus iontaofacht na sonraí chun spriocanna éifeachtúlachta bailithe agus athchúrsála agus aisghabhála ábhar a bhaint amach. Sa tuairisc, léirigh conas a dhéantar sonraí comhiomlánaithe ó tháirgeoirí éagsúla agus ó oibreoirí bainistithe dramhaíola éagsúla a bhailíochtú.

D.3. **Ceallraí a shórtáil sa chatagóir cheart**

Tabhair tuairisc ar na próisis atá i bhfeidhm chun a áirithiú go sórtáiltear na ceallraí uile sna catagóirí ceallraí cearta agus nach n-áirítear sna sonraí le haghaidh catagóir ceallra ar leith ceallraí a bhaineann le catagóir ceallra eile. E.g. conas a áirithítear nach gcatagóirítear ceallraí tionsclaíocha a bhfuil meáchan níos lú ná 5 kg iontu go mícheart mar cheallraí inaistrithe agus nach gcuirtear san áireamh go mícheart iad i ráta bailithe na gceallraí inaistrithe? Tabhair tuairisc ar an gcaoi a bhfioraítear an catagóiriú.

E. COMHLÁINE AGUS CUMHDACH SONRAÍ

E.1. **Ginearálta**

Cén céatadán de na ceallraí a bailíodh agus a cóireáladh a chumhdaítear nó a mheastar a chumhdaítear leis an scéim tuairiscithe agus cad iad na príomhbhearnaí córasacha sonraí (e.g. níor sholáthair eagraíocht um fhreagracht táirgeoirí nó cuideachta shonrach tacar sonraí (iomlán); ní chumhdaítear ullmhú le haghaidh athúsáid nó ullmhú le haghaidh athrú cuspóra nó ní chumhdaítear ach go páirteach é; tá foinse shonrach sonraí in easnamh nó neamhiomlán; etc.)? Tabhair tuairisc ar na bearta atá á ndéanamh chun an mhainneachtain na sonraí is gá a sholáthar a leigheas.

E.2. **Deacrachtaí maidir le bailiú sonraí ó Bhallstát eile nó ó thríú tír**

Cuir in iúl cé na deacrachtaí, más ann dóibh, a bhí ann maidir le sonraí a bhailiú ó oibreoirí cóireála atá lonnaithe i mBallstát eile nó i dtríú tír. Tabhair tuairisc ar na deacrachtaí, lena n-áirítear na cúiseanna a d'fhéadfadh a bheith leo, agus na gníomhaíochtaí a rinneadh chun aghaidh a thabhairt ar na deacrachtaí.

F. SOCHREIDTEACHT SONRAÍ

Léirigh sa tábla thíos cé acu ar tháinig nó nár tháinig aon cheann de na cásanna seo a leanas chun cinn. Más freagra dearfach a thugtar ar cheann amháin nó níos mó de na ceisteanna, tabhair faisnéis bhreise maidir leis an tarlú agus na cúiseanna a bhí leis.

Ceist	Freagra
F.1. Tá cainníocht na gceallraí ó chatagóir a bailíodh níos airde ná an chainníocht ceallraí ón gcatagóir sin a cuireadh ar fáil ar an margadh den chéad uair sa Bhallstát.	Tá / Níl
F.2. Is mó ná 90 % an ráta bailithe le haghaidh ceallraí inaistrithe dramhaíola	Is mó / Ní mó
F.3. Is mó ná 80 % an ráta bailithe le haghaidh ceallraí modhanna éadroma iompair dramhaíola	Is mó / Ní mó
F.4. Cainníocht na gceallraí ó chatagóir agus ceimic a onnmhairíodh chuig tríú tíortha lena n-athchúrsáil, lena n-ullmhú le haghaidh athchúrsáil, lena n-ullmhú le haghaidh athúsáid, nó lena n-ullmhú le haghaidh athrú cuspóra, tá sí níos airde ná cainníocht na gceallraí ón gcatagóir sin agus ón gceimic a bailíodh.	Tá / Níl
F.5. Cainníocht na gceallraí ó cheimic a soláthraíodh don athchúrsáil agus a bhfuil cuntas uirthi san éifeachtúlacht athchúrsála, tá sí níos airde ná cainníocht na gceallraí uile ón gceimic sin a bailíodh.	Tá / Níl
F.6. Is mó ná 90 % an éifeachtúlacht athchúrsála le haghaidh ceallraí luaidhe-aigéadacha.	Is mó / Ní mó
F.7. Is mó ná 80 % an éifeachtúlacht athchúrsála le haghaidh ceallraí litiam.	Is mó / Ní mó

Ceist	Freagra
F.8. Is mó ná 95 % an éifeachtúlacht athchúrsála le haghaidh ceallraí nicile-caidmiam.	Is mó / Ní mó
F.9. Is mó ná 75 % an éifeachtúlacht athchúrsála le haghaidh ceallraí dramhaíola eile.	Is mó / Ní mó
F.10. Is mó ná 99 % an ráta aisghabhála ábhar i gcás cóbailt, copair, luaidhe nó litiam.	Is mó / Ní mó
F.11. Is mó ná 70 % an ráta aisghabhála ábhar i gcás litiam.	Is mó / Ní mó
F.12. Briseadh san amshraith (athruithe suntasacha ar na méideanna a tuairiscíodh thar thréimhse ama)	Tá / Níl

G. DIFRÍOCHTAÍ NÓ DIALLTAÍ EILE I GCOMPARÁID LEIS AN TUAIRISCIÚ SNA BLIANTA ROIMHE SIN

I gcás éagsúlacht mhór leis na sonraí a cuireadh isteach le haghaidh na bliana tuairiscithe roimhe sin, tabhair mínithe ina sonraítear an difríocht tonnáiste agus na cúiseanna leis an difríocht le haghaidh aon chineál sonraí (ceallraí a cuireadh ar fáil ar an margadh, ceallraí dramhaíola bailithe, éifeachtúlacht athchúrsála, aisghabháil ábhar etc.), aon chatagóir ceallraí, aon cheimic agus/nó ábhar ceallraí.

H. PRÍOMHSHUÍOMHANNA GRÉASÁIN NÁISIÚNTA, PRÍOMHDHOICIMÉID TAGARTHA AGUS PRÍOMHFHOILSEACHÁIN

Tabhair aon sonraí nó foinsí sonraí ábhartha eile nach luaitear sna ceisteanna thuas, lena n-áirítear: doiciméid tagartha le haghaidh foinsí sonraí is féidir a íoslódáil (e.g. ó eagraíochtaí um fhreagracht táirgeoirí, monaróirí sonracha, athchúrsálaithe, etc.); tuarascálacha lena dtugtar aghaidh ar ghnéithe de cháilíocht sonraí nó de chumhdach sonraí; tuarascálacha ar dhea-chleachtas maidir le bailiú agus cóireáil ceallraí; tuarascálacha maidir le ceallraí a allmhairiú agus a onnmhairiú; tuarascálacha ina dtugtar aghaidh ar fhorfheidhmiú, amhail tuarascálacha ó eagraíochtaí um fhreagracht táirgeoirí maidir leis an méid atá bainte amach i dtaobh bailiú, cóireáil agus athchúrsáil ceallraí; agus aon fhoinse eile sonraí agus faisnéise a bhaineann le ceallraí le haghaidh tuairisciú náisiúnta.